**S6**

**DON SCRÚDAITHEOIR**

SCRÚDUIMHIR ☞ [ ]

Iomlán na Marcanna [ ]

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004

## GAEILGE (GNÁTHLEIBHÉAL)

**(220 marc)**

**DÉARDAOIN, 10 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.15 go dtí 3.45**

---

STAMPA AN IONAID

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| ROINN | CEIST | MARC |
| I | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| II | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| | | |
| CT | | |
| | | |
| IOMLÁN | | |
| GRÁD | | |

**THALL→**

## ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (110 marc)

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**[N.B. Ní mór na freagraí ar na ceisteanna sa Roinn seo a scríobh sna spásanna cuí ar an gCeistpháipéar seo.]**

**CEIST 1** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. (20 marc)

1
Faighte sa chlós
**Uaireadóir dubh**

2
Cosc
Ar dhreapadóireacht
chrann

3
**Ar fáil**
**Bricfeasta den scoth**
€7

4
**Teorainn luais**
Tríocha m.s.u.

5
Geamaireacht na Nollag
*Cinderella*
**Ticéid: €7**


6
Comórtas eitpheile
**Dé hAoine i Halla an Phobail**
Costas iontrála: €10

7
Tráth na ngCeist Boird
**Halla na Scoile**
Aoine: 7 p.m. – 10 p.m.

8
**Ciúnas**
Scrúdú Cluastuisceana
Ar siúl

9
**Ag teastáil**
**Rothar sléibhe do dhéagóir**
**Fón: 01-6805241**

10
Árasáin ar cíos
in aice le
lár na cathrach




| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |

**CEIST 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c). (30 marc)

**(a)** Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)

# Tabhair cuairt ar Bhrú na Bóinne

- Ar oscailt gach lá i rith na bliana
- Tá eolas le fáil san Ionad Cuairteoirí ar oidhreacht seandálaíochta Ghleann na Bóinne
- Tosaíonn na cuairteanna go léir ar na tuamaí meigiliteacha ag an Ionad Cuairteoirí
- Turasanna treoraithe go Slí an Bhrú agus Cnóbha
- Áiseanna ar fáil:
  - Seirbhís rialta mionbhus go Slí na Bóinne agus Cnóbha
  - Leithris do dhaoine faoi mhíchumas
  - Seomra tae
  - Pointe eolais do thurasóirí

**Má tá tuilleadh eolais uait scríobh chuig:**

Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne
(Slí an Bhrú agus Cnóbha)
Dún Uabhair, Co. na Mí

**nó**

**Fón: 041-9880300**

(i) Cathain a bhíonn Brú na Bóinne ar oscailt?

_______________

(ii) Cá dtosaíonn na cuairteanna ar na tuamaí meigiliteacha?

_______________

(iii) Luaigh **dhá** cheann de na háiseanna atá ar fáil.

_______________

**THALL→**

(b) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)

# Cumann Naomh Uinseann de Pól
# Díolachán Earraí






Á eagrú ag scoláirí Choláiste Naomh Eoin

**<u>Ionad agus am</u>**

Coláiste Naomh Eoin, An Tulach Mhór

Halla an Choláiste

Satharn – 6 Nollaig 1 p.m. – 5 p.m.

Cead isteach

Daoine fásta: €3

Scoláirí: €1

**<u>Ar díol</u>**

- Leabhair
- Bréagáin
- Plandaí
- Potaireacht
- Cártaí Nollag
- Cístí Nollag
- Éadaí
- Deoch

Taispeántas ealaíne agus grianghrafadóireachta
ag scoláirí agus tuismitheoirí na scoile.

**Más maith leat cabhrú linn cuir glao teileafóin ar**
**Sheán Ó Briain – Rúnaí Chumann na nIarscoláirí**
**Ag: 01-5680347**

(i) Cén áit sa Choláiste a mbeidh an Díolachán Earraí ar siúl?

______________________________

(ii) Ainmnigh **<u>dhá</u>** rud a bheidh ar díol.

______________________________

(iii) Cé a chuirfidh an taispeántas ealaíne agus grianghrafadóireachta ar siúl?

______________________________

(c) Léigh na ***véarsaí*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leo. (15 mharc)



**Fuaimeanna**

Chuala mé fuiseog
Ag cantain go breá,
I gceartlár na tuaithe,
Ar feadh tréimhse den lá.

Chuala mé eitleán
Le soilse aréir,
Ag gluaiseacht go tapa
Go hard sa spéir.

Chuala mé madra
Ag tafann gan stad,
I bhfad ó mo bhaile,
An oíche ar fad.

Chuala mé popcheol
Ón dioscó go mear,
Ag líonadh na sráide,
Leis na teidil is fearr.

**Póilín Ní Náraigh**



(i) Cár chuala an file an fhuiseog?

______________________________

(ii) Cá raibh an t-eitleán?

______________________________

(iii) Cad a bhí á dhéanamh ag an madra?

______________________________

**THALL→**

**CEIST 3** Freagair (a) **agus** (b) anseo. **(60 marc)**

*(a)* Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

## Arnold Schwarzenegger



Duine an-suimiúil is ea Arnold Schwarzenegger. Cé go bhfuil sé an-saibhir anois, i dtús a shaoil bhí sé an-bhocht. Rugadh é i 1947 i mbaile Graz san Ostair. Bhí a mhuintir chomh bocht sin nach mbíodh bia maith folláin le n-ithe acu go minic.

Ba mhaith leis a bheith chomh láidir lena athair agus mar sin bhí suim aige i neart coirp ó bhí sé ina dhéagóir. Nuair a bhí sé san arm fuair sé bia maith agus chabhraigh sin go mór leis chun a neart a mhéadú go mór. Ag an am céanna lean sé ar aghaidh ag traenáil chun a chorp a dhéanamh níos láidre. Bhuaigh sé na comórtais *Mr. Universe Junior* agus *Mr. Olympia*.

D'éirigh leis páirt a fháil sa scannán *Pumping Iron*. Ghlac sé páirt ina lán scannán eile ina dhiaidh sin. Ach is é an scannán *The Terminator* a thuill clú is cáil dó agus a rinne réalta scannán mór de.

Is fear gnó an-mhaith é Arnold leis. Tá árais ghleacaíochta, siopaí, tithe agus bialanna aige. Tá an-chlú ar a bhialanna a bhfuil an t-ainm *Planet Hollywood* orthu. Tá ceann de na bialanna seo ar Fhaiche Stiofáin i mBaile Átha Cliath. Bhí sé i mBaile Átha Cliath ag na Cluichí Oilimpeacha Speisialta anuraidh.

Ach níor leor do Arnold a bheith ina réalta scannán agus ina fhear gnó mar is polaiteoir é anois agus toghadh é mar Ghobharnóir i gCalifornia.

(i) Cár rugadh Arnold?

______________________________________________

(ii) Cá bhfuair sé bia maith i dtosach?

______________________________________________

(iii) Cén scannán a rinne réalta scannán mór de?

______________________________________________

(iv) Cén áit i mBaile Átha Cliath a bhfuil a bhialann *Planet Hollywood*?

______________________________________________

(v) Cén post atá aige anois?

______________________________________________

(b) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

# Fungi – 20 Bliain ag Pramsáil

Tá an deilf cháiliúil, Fungi, fiche bliain anois amuigh i mbéal Chuan an Daingin. Tagann na mílte cuairteoir go dtí an áit chun é a fheiceáil.

Tá cáil chomh mór sin ar Fungi anois go bhfuil leabhair scríofa faoi agus grianghraif agus fístéipeanna de scaipthe ar fud an domhain.

Thug Pádraig Firtéar, coimeádaí teach solais i mbéal Chuan an Daingin, an deilf faoi deara i dtosach i 1983. Chonaic sé Fungi ag leanúint na mbád isteach ó bhéal an chuain.

De bharr na teagmhála a bhí ag daoine cosúil le Sheila Stokes agus Brian Holmes leis an ainmhí thosaigh sé ag cur spéise i ndaoine, go háirithe mná, agus ag éirí cairdiúil leo. Bhaist iascairí an Daingin "Fungi" air i ndiaidh duine de na hiascairí a raibh féasóg ag teacht air toisc nár bhearr sé é féin le seachtain roimhe sin.

Go minic léimeann sé amach as an uisce chomh hard leis an gcábán ar chuid de na báid. Tagann sé i ngiorracht do beagnach gach bád a bhíonn ag seoladh isteach is amach as an gcuan.




Cúpla uair ceapadh go raibh Fungi imithe ach tháinig sé ar ais arís gach uair. Meánn sé timpeall 500 punt agus tá sé timpeall 13 throigh ar fad. Is minic a fheictear é ag breith ar éisc i mbéal an chuain.

Bunaithe ar alt as *Foinse*

(i) Cá bhfuil Fungi le fiche bliain?

___

(ii) Cathain a chonaic Pádraig Firtéar Fungi i dtosach?

___

(iii) Cad a bhí ar siúl ag Fungi nuair a chonaic Pádraig Firtéar é?

___

(iv) Scríobh síos rud amháin a dhéanann Fungi nuair a bhíonn bád in aice leis.

___

(v) Cad a itheann Fungi?

___

**THALL→**

## ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (110 marc)

**<u>FREAGAIR GACH CEIST</u>.**

**<u>CEIST 1</u>** Freagair *(a)* **<u>nó</u>** *(b)* anseo. (25 mharc)

*(a)* Tá tú ar thuras scoile i dtír éigin eile. Scríobh cárta poist chuig do dheirfiúr.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:

- an turas ar an eitleán
- rud faoin áit a thaitníonn leat
- an aimsir
- bronntanas a cheannaigh tú di
- cén lá a fhillfidh tú



**Scríobh an freagra sa bhosca anseo thíos**.

**NÓ**

*(b)*




Is tusa Máire sna pictiúir thuas.  Tá tú ag caint leis an múinteoir sa seomra ranga.  Tá gach duine eile imithe.  Feiceann tú fón póca do charad Aoife.

Fágann tú nóta ag a teach ag rá:

- cá bhfuair tú an fón
- an fáth nár fhág tú an fón ag an teach
- cá bhfuil tú féin ag dul anocht
- cén t-am is féidir leat bualadh léi
- cathain a thabharfaidh tú an fón di mura bhfuil sí ábalta bualadh leat anocht.

**Scríobh an nóta sa bhosca anseo thíos.**

| NÓTA |
| --- |
| |

**THALL→**

**CEIST 2** Freagair *(a)* **nó** *(b)*. (40 marc)

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, beannú agus críoch oiriúnach.]**

*(a)* Tá tú ar saoire le do chairde áit éigin in Éirinn. Níl go leor airgid agat. Scríobh litir abhaile chuig do thuismitheoirí ag lorg níos mó airgid ar iasacht.





Sa litir luaigh na pointí seo:

- méid airgid atá fágtha agat
- cúpla rud a chosain a lán airgid
- cathain ba mhaith leat an t-airgead a fháil
- conas a thabharfaidh tú an t-airgead ar ais

**Scríobh an litir sa bhosca ar lch. 11.**

**NÓ**

*(b)*




Tá tú i do bhall den Chlub Óige i do cheantar féin. Scríobh litir chuig do pheannchara sa Spáinn ag insint dó/di faoin gClub.

Luaigh na pointí seo sa litir:

- cé mhéad ball atá sa Chlub
- cúpla rud a bhíonn ar siúl sa Chlub gach seachtain
- turas a rinne an Club an samhradh seo caite
- conas a chabhraíonn tú féin leis an gClub.

**Scríobh an litir sa bhosca ar lch. 11.**

Ceist 2 (a) nó (b)

LITIR

THALL→

**CEIST 3** Freagair *(a)* **nó** *(b)* anseo. (45 mharc)


*(a)* **Alt** gairid (**15 líne nó mar sin**) a scríobh ar **cheann amháin** de na hábhair seo:-

(i) Breithlá mo Dhaid.
(ii) An clár teilifíse is fearr liom.
(iii) Rothar nua a cheannaigh mé.
(iv) Teach mo charad.

**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch. 13**

**NÓ**

*(b)*




Is iad Nuala agus Séamas na daoine óga atá sna pictiúir thuas. Scríobh síos an cuntas is dóigh leat a bheadh ag Nuala ina dialann (nó ag Séamas ina dhialann) ar na himeachtaí atá léirithe thuas.

**[Is leor 15 líne nó mar sin i do fhreagra.]**

**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch. 13**

Ceist 3(a) nó (b)

# Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán